Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Samhain 2016**
**(OR. en)**

**14276/16**

**EDUC 362**
**JEUN 95**
**SPORT 78**
**CULT 107**
**AUDIO 120**
**EMPL 469**
**JAI 927**
**ENFOPOL 402**
**COPEN 330**
**DROIPEN 183**
**FREMP 179**
**SIRIS 157**
**COSI 185**
**CATS 88**
**CYBER 128**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 21 Samhain 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13611/16 EDUC 337 JEUN 83 SPORT 69 CULT 96 AUDIO 112 EMPL 431 JAI 866 ENFOPOL 306 COPEN 305 DROIPEN 166 FREMP 169 SIRIS 142 COSI 162 CATS 80 CYBER 120 |
| Ábhar: | Cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air<br>- *Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle*<br>*(21 Samhain 2016)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3502ú cruinniú a bhí aici ar an 21-22 Samhain 2016.

## Conclúidí
## ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT AN MÉID SEO A LEANAS

MEABHRAÍONN SIAD DÓIBH cúlra polaitiúil na saincheiste seo mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é agus go háirithe an Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas[1] agus

AITHNÍONN SIAD AN MÉID A LEANAS:

– Is spás coiteann é an tAontas Eorpach ina ndéantar limistéar rathúil agus síochánta cómhaireachtála a fhorbairt agus urraim don éagsúlacht bunaithe ar luachanna comhchoiteanna agus prionsabail chomhchoiteanna a aithnítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach;

– Leis na dúshláin atá os comhair na hEorpa mar gheall ar na gníomhartha sceimhlitheoireachta a rinneadh le déanaí, meabhraítear dúinn an phráinn a bhaineann le cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air agus le frithghníomh a dhéanamh ina choinne[2]. An-chuid daoine a rabhthas amhrasach ina leith ó thaobh na sceimhlitheoireachta de, náisiúnaithe de chuid an Aontais Eorpaigh ab ea iad a n-imríodh radacú orthu agus ba mhinic iad á mbreagadh ag tionchair idé-eolaíocha ón taobh amuigh ar bhain modhanna teicneolaíocha earcaithe agus aslaithe dóibh a bhí tulangach agus luaineach chomh maith le modhanna 'duine le duine';

---

[1] Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas, Páras, 17 Márta 2015.

[2] Ar mhaithe le giorracht sa téacs seo, agus á aithint nach dtarlaíonn antoisceachas foréigneach mar gheall ar an radacú i gcónaí, tagrófar anseo feasta don radacú.

– Is casta agus is ilghnéitheach na dálaí daonna agus sóisialta atá fabhrach don radacú, go háirithe radacú daoine óga agus féadfar a áireamh leo go mbraitheann na daoine sin go mór go bhfuil siad coimhthithe go pearsanta agus/nó go cultúrtha; go bhfuil fíor-chúis ghearáin acu nó go mbraitheann siad go bhfuil, go bhfuil seineafóibe orthu nó déantar leithcheal orthu, ní bhfuair siad dóthain deiseanna oideachais, oiliúna ná fostaíochta, tá siad ar an imeall go sóisialta, baineann díghrádú uirbeach agus tuaithe, leasanna geopholaitiúla, tuairimí fíor-láidre idé-eolaíocha agus creidiúna, naisc theaghlaigh neamhstruchtúrtha, tráma pearsanta nó saincheisteanna sláinte intinne dóibh;

– Le go rachfar i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an leochaileacht is cúis leis an radacú sa tsochaí agus le go ndéanfar spreagadh idé-eolaíoch antoisceachais foréignigh a shainaithint agus a dhíchumasú, beidh gá le comhghuaillíocht trasinstitiúideach de ghníomhaithe de chuid na réimsí éagsúla beartais;

– Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar gach cineál radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air, beag beann ar an íde-eolaíocht chreidimh agus/nó polaitiúil atá laistiar de;

AITHNÍONN SIAD go bhfuil géarghá le comhar trasearnála, chomh maith le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí na mBallstát i gcosc an radacaithe, chun ár stíl bheatha a choimircíú agus deiseanna níos fearr a chur ar fáil don óige[3];

LEAGANN SIAD BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le neart a chur leis an gcomhar leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta atá páirteach go gníomhach i gcosc an radacaithe agus cearta an duine a chur chun cinn, amhail na Náisiúin Aontaithe, (go háirithe UNESCO), Comhairle na hEorpa, ECFE agus fóraim iltaobhacha eile;

IS DÍOL SÁSAIMH DÓIBH an Teachtaireacht ón gCoimisiún[4] lena dtacaítear le cosc a chur ar radacú a mbíonn antoiseachas foréigneach mar thoradh air;

[3] Dearbhú na Bratasláive, 16 Meán Fómhair 2016.
[4] 10466/16

*An ról coisctheach atá ag oideachas agus obair leis an óige*

COMHAONTAÍONN SIAD go bhfuil oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear foghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmeálta agus neamhfhoirmiúil ina modhanna cumhachtacha chun comhluachanna a chur chun cinn[5], mar shampla trí oideachas i gcearta an duine agus sa tsaoránacht, trí chláir oideachais ina ndírítear ar cheachtanna a fhoghlaim ón am atá caite agus trí thimpeallacht foghlama chuimsitheach, tríd an rannpháirtíocht a chaomhnú, trí shoghluaisteacht shóisialta agus lánpháirtiú, agus, leis an méid sin, bonn níos láidre a leagan síos don tsochaí agus don saol daonlathach;

COMHAONTAÍONN SIAD go bhfuil obair leis an óige agus gníomhaíochtaí i spórt agus cultúr an phobail éifeachtach amanna chun teagmháil a dhéanamh le daoine óga atá i mbaol a radacaithe. Toisc go bhfuil cúlra éagsúil acu, tá cur chuige indibhidiúil ríthábhachtach;

CUIREANN SIAD IN IÚL go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí iompar scáfar a bhrath agus, má bhraitear luathchomharthaí an radacaithe, gníomh a dhéanamh trí na gníomhaithe ábhartha uile a shlógadh [6]chun cumarsáid agus obair dhlúth a dhéanamh le tuismitheoirí, piaraí agus daoine atá gar don teaghlach;

CUIREANN SIAD IN IÚL gur gá inniúlachtaí sóisialta, sibhialta agus idirchultúrtha, scileanna cumarsáide agus réitigh coinbhleachta, ionbhá, freagracht, smaointeoireacht chriticiúil agus litearthacht sna meáin[7] a fhorbairt ar chomhchéim sa phróiseas foghlama, cé go bhfuil scileanna cognaíocha bunriachtanach i gcónaí;

COMHAONTAÍONN SIAD gur cheart oiliúint níos fearr a chur ar mhúinteoirí, ar oideoirí[8] agus ar fhoireann múinteoireachta eile agus trealamh níos fearr a thabhairt dóibh le gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí uile agus luachanna coiteanna a thabhairt dóibh trí insintí dearfacha, taithí dhearfach agus cruinneshamhail shíochánta a nochtadh dóibh;

MEASANN SIAD gur cheart tacú le cosc an radacaithe trí ghníomhaíochtaí a dhéantar a chistiú le Erasmus+ , le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, le Fís 2020, le hEoraip na Cruthaitheachta, le hEoraip na Saoránach, leis an gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht agus leis an gCiste um Shlándáil Inmheánach;

---

5 An Conradh ar an Aontas Eorpach, Airteagal 2.

6 9640/16 - Amhail múinteoirí, foirne oideachasúla in ollscoileanna, oibrithe sóisialta, oibrithe óige, soláthraithe cúraim sláinte, saorálaithe, comharsana, cóitseálaithe spóirt, ceannairí reiligiúnacha agus neamhfhoirmiúla, oifigigh phóilíneachta áitiúla.

7 9641/16

8 Chun críocha an téacs seo tagraíonn an téarma "oideoir" do dhaoine a sholáthraíonn foghlaim fhoirmiúil, neamhfhoirmeálta agus/nó neamhfhoirmiúil.

*Na gnéithe slándála a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an radacú*

– TUGANN SIAD DÁ nAIRE go bhfuil radacú a mbíonn an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air ina shaincheist a mbaineann dúshláin shuntasacha agus éabhlóideacha léi ó thaobh slándáil ár saoránach, ar dúshláin iad nach mór do na Ballstáit, go príomha, aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, ach le tacaíocht chomhordaithe ar leibhéal AE freisin i gcomhréir leis na Conarthaí;

– TUGANN SIAD DÁ nAIRE go léirítear leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla le déanaí san Eoraip agus leis na hiarrachtaí a rinneadh i leith ionsaithe eile a dhéanamh go bhfuil an bhagairt sceimhlitheoireachta ar fud an domhain tar éis éirí níos díláraithe, níos casta agus, ar bhealaí, níos deacra a bhrath, a bhuí, go páirteach, le próiseas radacaithe atá níos tapúla fós;

– CUIREANN SIAD SAN ÁIREAMH go bhféadfadh méadú teacht ar líon na bhfillithe, lena n-áirítear go háirithe méadú ar líon na dtrodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, a dteaghlach agus mionaoiseach a fhilleann;

– AITHNÍONN SIAD go n-éilítear le freagairt stóinsithe do bhagairt thrasnáisiúnta an radacaithe cur chun feidhme gasta iarrachtaí seachtracha ag an Aontas chun dul i ngleic le bunchúiseanna an radacaithe chomh maith le bearta coisctheacha inmheánacha an Aontais, ag díriú go háirithe ar an gcomhar le réigiún na mBalcán Thiar, leis an Tuirc agus leis an Afraic Thuaidh agus ag tacú leo;

*Gníomh a dhéanamh i gcoinne na bolscaireachta sceimhlitheoireachta agus na fuathchainte ar líne*

– TUGANN SIAD DÁ nAIRE gur gá páirt a bheith ag soláthraithe seirbhísí sa chomhrac i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne[9] agus gur gá comhoibriú leo, ach an tsaoirse tuairimí a nochtadh á hurramú ina hiomláine, i bhfianaise ról na meán sóisialta mar phríomhuirlis chun díriú ar dhaoine ag iarraidh iad a mhealladh chuig an radacú agus a mhealladh agus a ullmhú chun gníomhartha foréigneacha a dhéanamh, agus LEAGANN SIAD BÉIM ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige il-gheallsealbhóirí[10];

– LEAGANN SIAD BÉIM ar an ról atá ag Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh i bhforbairt na modhanna trínar féidir an rochtain atá ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a laghdú agus comhpháirtithe na sochaí sibhialta a chumhachtú chun insintí malartacha a chur ar fáil ar líne;

---

[9] An Cód Iompair maidir le gníomh a dhéanamh i gcoinne na fuathchainte neamhdhleathaí ar líne an 31 Bealtaine 2016 (An Coimisiún i dteannta Facebook, Twitter, YouTube agus Microsoft).

[10] Ag tabhairt dá n-aire sa chomhthéacs sin an togra ón gCoimisiún (9479/16) maidir le forálacha áirithe Threoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc a leathnú chuig ardáin chomhroinnte físeán, go háirithe an toirmeasc ar shaighdeadh chun foréigin agus chun gránach.

– AITHNÍONN SIAD an obair luachmhar a dhéanann an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA), an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN), agus an tIonad Barr Feabhais dá chuid mar aon leis an bhFoireann Chomhairleach don Chumarsáid Straitéiseach maidir leis an tSiria (SSCAT) agus CUIREANN SIAD I dTREIS an tábhacht a bhaineann le nasc cuí a choimeád idir na gníomhaithe náisiúnta agus áitiúla;

– MEASANN SIAD gur féidir tionscnaimh ar líne agus as líne ag a mbíonn insintí malartacha, dearfacha agus measarthacha a bheith ríthábhachtach i gcur chun cinn na hurraime frithpháirtí agus i gcosc a chur ar an radacú; TUGANN SIAD DÁ nAIRE go bhfuil gá le meastóireacht agus anailís sa bhreis a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag frith-insintí;

°

° °

IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT

– comhar a spreagadh idir na hinstitiúidí oideachais agus oiliúna, na pobail áitiúla, na riaracháin áitiúla agus réigiúnacha, tuismitheoirí, daoine atá gar do theaghlaigh, gníomhaithe i réimse na hóige, saorálaithe agus an tsochaí shibhialta chun go gcuirfear feabhas ar an lánpháirtiú agus chun go gcuirfear neart le féiniúlacht dhearfach agus leis an muintearas;

– cur le hinniúlachtaí na múinteoirí, na n-oideoirí agus na foirne múinteoireachta eile chun cur ar a gcumas comharthaí luatha an iompair radacaithe a aithint agus "comhráite deacra"[11] a dhéanamh lena n-osclaítear idirphlé le mic léinn agus le daoine óga eile maidir le hábhair íogaire a bhaineann le mothúcháin, prionsabail agus creidimh phearsanta;

– i gcás inar gá sin, na huirlisí atá ann cheana a úsáid nó uirlisí nua a fhorbairt do mhúinteoirí, d'oideoirí agus d'fhoireann múinteoireachta eile, lena n-áirítear gréasáin ar ar féidir leo comhairle agus treoir a chomhroinnt i dtaca leis an mbealach chun cásanna dúshlánacha a láimhseáil, chomh maith le beolínte cabhracha le haghaidh daoine óga;

[11] Forógra RAN don Oideachas - Oideoirí agus Scoileanna a Chumhachtú

– oideachas domhanda na saoránach a chur chun cinn, mar aon le hobair dheonach, chun inniúlachtaí sóisialta, sibhialta agus idirchultúrtha a fheabhsú;

– oideachas cuimsitheach[12] a spreagadh do gach leanbh agus do na daoine óga go léir, agus ciníochas, seineafóibe, bulaíocht agus idirdhealú ar aon fhoras á gcomhrac ag an am céanna;

– aghaidh a thabhairt, le tacaíocht ón gCoimisiún agus ó na gníomhaireachtaí AE lena mbaineann, ar an úsáid a bhaintear as an Idirlíon don radacú a mbíonn sceimhlitheoireacht mar thoradh air agus chun críocha earcaíochta, go háirithe trí chomhar a fhorbairt le soláthraithe seirbhíse, comhar maidir le cumarsáid straitéiseach agus, i gcás inarb iomchuí, aonaid atreorúcháin ar líne, agus cearta bunúsacha á n-urramú agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá orthu faoin dlí idirnáisiúnta;

– tacú leis an obair a dhéanann Fóram Idirlín an Aontais Eorpaigh agus an obair a dhéanann Lárionad Frithsceimhlitheoireachta na hEorpa (ECTC) de chuid Europol, go háirithe an obair atá ar bun ag Aonad Atreorúcháin ar Líne (IRU) an Aontais;

– tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta urraim fhrithpháirteach a chur chun cinn agus dul i gcoinne na fuathchoireachta, na fuathchainte agus na bolscaireachta sceimhlitheoireachta trí roghanna malartacha dearfacha ar insintí agus ar idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha agus trí fhrith-insintí a fhorbairt ar idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha;

– leas a bhaint as na líonraí uile-Eorpacha chun leanúint de "dea-chleachtais" a mhalartú i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne an radacaithe, amhail Ionad Barr Feabhais an Líonra AE um Fheasacht ar an Radacú (RAN);

– le haistriú na Foirne Comhairlí don Chumarsáid Straitéiseach maidir leis an tSiria chuig an Líonra Eorpach um Chumarsáid Straitéiseach (LECS) leanúint d'úsáid a bhaint as seirbhísí comhairliúcháin agus roinnte eolais LECS d'fhonn an radacú agus polarú i bpobail na hEorpa a thuiscint agus d'fhonn freagairt níos fearr a thabhairt orthu, mar shampla trí fhoireann a neadú i LECS sa Bhruiséil;

[12] Mar a thagraítear dó i dTuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir leis an gcreat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint (ET2020) a chur chun feidhme (ET 2020) (2015/C 417/04)

– leanúint de chláir díradacaithe, dícheangail agus athshlánaithe d'fhillithe a fhorbairt, lena n-áirítear go háirithe do throdaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, dá dteaghlaigh agus do mhionaoisigh a fhilleann;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh

– an obair i ndáil le sraith áirithe straitéisí bunaithe ar dhea-chleachtais le haghaidh oibrithe don ógra a shaothrú[13] i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun cabhrú le daoine óga teacht aniar daonlathach, litearthacht sna meáin, caoinfhulaingt, smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna réitigh coinbhleachta a fhorbairt;

– foghlaim piaraí do mhúinteoirí, d'oideoirí, agus d'fhoireann múinteoireachta eile, do shaineolaithe, do lucht déanta beartais agus do thaighdeoirí a chur chun cinn agus tacú leis an bhfoghlaim sin, d'fhonn roinnt dea-chleachtas a éascú agus tuiscint níos fearr a fháil ar shaincheist an radacaithe, lena n-áirítear creat beartais agus coimre dea-chleachtas ar líne a fhorbairt[14];

– i bhfianaise na práinne agus an dúshláin iltaobhaigh chun an radacú a chosc agus a chomhrac, comhdháil[15] il-gheallsealbhóirí a eagrú lena dtabharfaí le chéile earnálacha éagsúla agus geallsealbhóirí ábhartha (e.g. ó réimsí an cheartais, gnóthaí baile, an oideachais, na hóige, spóirt, cultúir agus gnóthaí sóisialta), agus daoine óga;

– tuiscint fhrithpháirteach agus meas a chur chun cinn idir mic léinn agus daoine óga eile ón Aontas agus ó thríú tíortha trí mhalartuithe díreacha agus fíorúla, amhail líonra r-Nascadh Plus a leathnú chuig tíortha roghnaithe i gcomharsanacht an Aontais agus malartuithe fíorúla ógra Erasmus +;

---

13 Obair leanúnach atá á déanamh ag an sainghrúpa maidir le hobair don ógra le haghaidh na saoránachta gníomhaí, lena ndéantar imeallú agus radacú foréigneach a chosc, mar a leagtar amach i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Óige 2016-2018 (IO C 417/1 an 15.12.2015).

14 Laistigh de shainordú Mheitheal ET2020 maidir le saoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas.

15 Amhail Comhdháil rialta Ardleibhéil RAN maidir leis an Radacú.

– teagmháil dhíreach a spreagadh idir daoine óga ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste agus eiseamláirí dearfacha amhail ealaíontóirí, lucht spóirt nó fiontraithe agus aon 'dea-scéal' atá ábhartha do dhaoine óga lena spreagadh sa saol réadúil[16]. Cabhrú le roghanna malartacha, inchreidte, dearfacha ar insintí antoisceacha foréigneacha a chruthú, d'fhéadfadh daoine a bhí radacaithe roimhe seo labhairt freisin faoina dtaithí féin;

– feabhas a chur ar an gcomhar le soláthraithe seirbhíse, fáilte a chur roimh rannpháirtíocht láidir na tionsclaíochta digití agus na sochaí sibhialta agus tionscnaimh a fhorbairt chun feabhas breise a chur ar na bealaí chun deireadh a chur le hinneachar sceimhlitheoireachta go héifeachtach (go háirithe trí Ardán Tarchuir Comhpháirteach a fhorbairt) mar aon le hinsintí malartacha a scaipeadh go háirithe tríd an gclár maidir le cumhachtú na sochaí sibhialta a fógraíodh;

– cur leis an obair a dhéanann Gníomhaireacht um Chearta Bunúsacha AE chun urraim fhrithpháirteach, neamh-idirdhealú, saoirsí bunúsacha agus an dlúthpháirtíocht ar fud AE a chur chun cinn;

– na conclúidí seo a chur san áireamh nuair a bheidh na gníomhaíochtaí atá molta á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme.

---

[16] Déanfaidh Gníomhaireachtaí Náisiúnta Erasmus+ an líonra a bhainistiú ar an leibhéal áitiúil, agus déanfar oiriúnú ar dhálaí áitiúla dá bharr freisin.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Agus na Conclúidí seo á nglacadh aici, MEABHRAÍONN an Chomhairle ach go háirithe an méid seo a leanas:

– Straitéis Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh (14469/4/05)

– Straitéis athbhreithnithe AE maidir leis an Radacú agus an Earcaíocht don Sceimhlitheoireacht a Chomhrac (9956/14)

– Conclúidí ón gComhairle Gnóthaí Eachtracha an 9 Feabhra 2015 maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht (6026/15)

– An Chomhairle Eorpach a bhí ann ar an 12 Feabhra 2015, inar lorg Cinn Stáit agus Rialtais cur chuige cuimsitheach, lena n-áirítear tionscnaimh maidir le lánpháirtiú sóisialta, i measc rudaí eile, atá fíorthábhachtach chun radacú foréigneach a chosc.

– An Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas, a glacadh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí ag Airí Oideachais an Aontais Eorpaigh i bPáras ar an 17 Márta 2015.

– An Clár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil (8293/15)

– Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí don Aontas Eorpach 2015-2020 (9798/15)

– Conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó na Ballstáit, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air (11419/15)

– Tuarascáil Chomhpháirteach ET 2020 maidir le hoideachas agus le hoiliúint, mí na Samhna 2015 (14440/1/15 REV 1)

– Nóta ó Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais chuig an gComhairle maidir leis "An dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme an ráitis a rinne comhaltaí na Comhairle Eorpaí ar an 12 Feabhra 2015, na Conclúidí ó Chomhairle CGB 20 Samhain 2015, agus na Conclúidí ón gComhairle Eorpach 18 Nollaig 2015" (6785/16)

– Ráiteas comhpháirteach ó Airí Ceartais agus Gnóthaí Baile AE agus ó ionadaithe institiúidí an Aontais Eorpaigh maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil ar an 22 Márta 2016, lena n-iarrtar 10 mbeart i réimse na frithsceimhlitheoireachta, lena n-áirítear leanúint de bhearta coisctheacha a fhorbairt (7371/16)

– Teachtaireacht ón gCoimisiún i dtaca leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil a bhfuil sé d'aidhm léi comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an bealach a réiteach le go mbeidh Aontas Slándála éifeachtach agus dílis ann (8128/16)

– Conclúidí ón gComhairle an 30 Bealtaine 2016 maidir le ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac (9640/16)

– Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint (9641/16)

– Na conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha in 2015 (go háirithe an chuid a bhaineann le neamh-idirdhealú, fuathchaint, ciníochas agus seineafóibe) (10005/16)

– Dearbhú na Bratasláive ar an 16 Meán Fómhair 2016

– Straitéis athnuaite Slándála Inmheánaí an Aontais Eorpaigh agus Páipéar Cur chun Feidhme na Frithsceimhlitheoireachta: an dara leath de 2016 (11001/1/16 REV 1)

– An chéad tuarascáil ar dhul chun cinn i ndáil leis an mbealach a réiteach le go mbeidh Aontas Slándála éifeachtach agus dílis ann an 12 Deireadh Fómhair 2016 (COM(2016) 670 final)